Tuarascáil maidir le Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn

2006

An Oifig um Measúnú Comhshaoil

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

epa

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2007

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ghealladh. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le haon fhreagracht as caillteanas nó as damáiste a tharlaíonn, nó a mhaíonn duine a tharla, go páirteach nó go hiomlán, mar thoradh ar dhuine a bheith ag feidhmiú, nó a bheith ag staonadh ó fheidhmiú, de bharr ábhair atá san fhoilseachán seo. Is féidir codanna den fhoilseachán seo a atáirgeadh gan cead breise a fháil, ar an gcoinníoll go dtagraítear don fhoinse.

CÁILÍOCHT AN UISCE SNÁMHA IN ÉIRINN (2006)

Foilsithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire.

Seo a leanas ainmneacha an phearsanra ón nGníomhaireacht a ghlac páirt i gcomhthiomsú na sonraí atá sa tuarascáil seo, agus in ullmhú na tuarascála: Kirsty Nolan, George McHugh, Gavin Smith agus Tom Stafford.

BUÍOCHAS

Ba mhaith le húdair na tuarascála buíochas a ghabháil leis an bhfoireann eile sa GCC a chuir leis an tuarascáil seo.

Chuir údaráis áitiúla, a bhfuil an fhreagracht orthu as monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht an uisce snámha, an t-eolas sa tuarascáil seo ar fáil.

Táimid fíorbhuíoch as comhoibriú na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, An Taisce agus Met Éireann.

CLÁR NA nÁBHAR

Achoimre 1

1. RÉAMHRÁ 2

1.1 Measúnú ar Chomhlíonadh 3

2. LIMISTÉIR SHNÁMHA IN UISCE NA FARRAIGE 4

2.1 Comhlíonadh na gCaighdeán Náisiúnta 4

2.2 Comhlíonadh Threoir an AE 5

3. LIMISTÉIR SHNÁMHA FÍORUISCE 7

3.1 Comhlíonadh na gCaighdeán Náisiúnta 7

3.2 Comhlíonadh Threoir an AE maidir le hUisce Snámha 7

4. PLÉ 8

4.1 Cáilíocht an Uisce Snámha 2006 8

4.2 Gníomhartha Forfheidhmiúcháin 10

4.3 Líon na Limistéar Sainithe Snámha 10

4.4 Treoir nua a bhaineann le cáilíocht an uisce snámha 11

Aguisín 1: Léarscáil de Cháilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2006 12

Aguisín 2: Rátaí Comhlíonta Luachanna an AE le haghaidh Limistéar Snámha (1995-2006) 13

Aguisín 3: Róil agus Freagrachtaí 14

Aguisín 4: Stádas Comhlíonta na limistéar sainithe snámha in Éirinn 2006 16

ACHOIMRE

Tá caighdeáin éigeantacha agus treoirchaighdeáin leagtha síos ag an Aontas Eorpach chun sláinte an phobail a chosaint.

Léiríonn torthaí a chomhthiomsaigh an GCC do shéasúr snámha 2006 go bhfuil cáilíocht an uisce snámha in Éirinn an-mhaith, le 97% (127 as 131 suíomh) de na limistéir shnámha ag comhlíonadh na gcaighdeán éigeantach atá sonraithe i dTreoir an AE maidir le hUisce Snámha. Seo a leanas na suímh ar theip orthu an t-íoschaighdeán éigeantach de chuid an AE a bhaint amach: Baile Brigín (BÁC Fine Gall), Mullach Íde (BÁC Fine Gall), An Clochán (Gaillimh) agus An Dún Mór (Port Láirge).

Comhlíonann 90% de na limistéir shnámha (118 as 131 suíomh) treoirluachanna níos doichte atá sonraithe sa Treoir. Is é atá sna treoirluachanna sin ná cuspóirí cáilíochta ar chóir do gach suíomh snámha iarracht iad a bhaint amach.

Má chuirtear líon na suíomh a chomhlíon luachanna éigeantacha an AE sa bhliain 2006 i gcomparáid le líon 2005, tháinig méadú 1% ar an líon sin. Chomh maith leis sin, tháinig laghdú 1% ar chomhlíonadh na dtreoirluachanna ó 91% sa bhliain 2005 go 90% sa bhliain 2006.

As ocht gcinn déag d'Údaráis Áitiúla a bhfuil limistéir shainithe shnámha acu ina limistéir feidhme, d'éirigh le haon cheann déag díobh caighdeáin an AE a chomhlíonadh do gach limistéar snámha dá gcuid. Seo a leanas na hÚdaráis Áitiúla sin:

Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Lú, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Comhairle Contae na Mí, Comhairle Contae na hIarmhí, Comhairle Contae Loch Garman agus Chill Mhantáin.

Cé go bhfuil cáilíocht an uisce snámha sna suímh shainithe ard, tá líon na suíomh sainithe íseal i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip. Chun a chinntiú go bhfaigheann na daoine a úsáideann na limistéir shnámha a ndóthain cosanta, is gá an líon suíomh sainithe a mhéadú ó 131, mar atá ann faoi láthair, go dtí 160.



Fíor 1: Comhlíonadh Luachanna Éigeantacha an AE



Fíor 2: Comhlíonadh Theoirluachanna an AE



Fíor 3: Comhlíonadh Luachanna an AE 1996-2006

1. RÉAMHRÁ

Leagtar amach na ceanglais maidir le comhlíonadh le haghaidh limistéar uisce snámha in Éirinn sna Rialacháin seo a leanas: *Quality of Bathing Waters Regulations 1992* (I.R. Uimh. 155 de 1992) agus sna leasuithe a rinneadh ar na rialacháin ina dhiaidh sin. Rinne na Rialacháin seo trasuí ar cheanglais Threoir an AE a bhaineann le cáilíocht an uisce snámha (76/160/EEC). Is é is cuspóir don Treoir ná a chinntiú go gcothaítear cáilíocht an uisce snámha agus go gcuirtear feabhas ar an gcáilíocht sin más gá ionas go mbeadh sé ag comhlíonadh na gcaighdeán sonraithe a ceapadh chun sláinte an phobail a chosaint agus chun an comhshaol a chaomhnú. Tá sonraí maidir le Teorainnluachanna Náisiúnta, luachanna Éigeantacha na hEorpa, agus Treoirluachanna na hEorpa ar fáil i dTábla 1.

Faoi láthair tá 131 limistéar sainithe snámha in Éirinn, agus as an méid sin is limistéir

Tábla 1: Ceanglais maidir le Cáilíocht an Uisce Snámha

	Treoir an CE a bhaineann le cáilíocht an uisce snámha 76/160/EEC		Teorainnluachanna Náisiúnta (I.R. Uimh. 155 de 1992)
Paraiméadair[5]	T (Treoir)	É (Éigeantach)	
Micribhitheolaíochta:			
Líon Iomlán na mBachaillíní Drónlannacha - (Líon/100ml)	≤ 500[1]	≤ 10,000[3]	≤ 5,000[1] ≤ 10,000[3]
Bachaillíní drólannacha faecacha (Líon/100ml)	≤ 100[1]	≤ 2,000[3]	≤ 1,000[1] ≤ 2,000[3]
Streip Faecacha (Líon/100ml)[4]	≤ 100[2]		≤ 300[3]
Salmonella (Líon/lítear)[4]		0[3]	0[3]
Víris Eintreacha (PFU/10 lítear)[4]		0[3]	0[3]
Fisiceimiceach:			
pH [4]		6 go 9[3]	≥ 6 agus ≤ 9[3]
Dath		gan aon athrú mínor-málta ar an dath[3]	gan aon athrú mínormálta ar an dath[3]
Olaí Mianracha (mg/l)	≤ 0.3[2]	gan aon sceo le feiceáil ar dhromchla an uisce agus gan aon bholadh le fáil[3]	gan aon sceo le feiceáil ar dhromchla an uisce agus gan aon bholadh le fáil[3]
Dromhchlaghníomhaithe (mg/l)	≤ 0.3[2]	gan aon chúr buanmharthanach[3]	gan aon chúr buanmhar-thanach[3]
Feanól (mg/l mar C_4H_3OH)	< 0.005[2]	gan aon bholadh sonrach ≤ 0.05[3]	≤ 0.05 agus gan aon bholadh sonrach[3]
Trédhearcacht (m)	≥ 2[2]	≥ 1[3]	≥ 1[3]
DO (% sáithiú O_2)[4]	80 go 120[2]		≥ 70 agus ≤ 120[3]
Iarmhar tarrach agus ábhar ar snámh	In easnamh[2]		gan iad a bheith ann ag leibhéal urghránna[3]

Nóta1: ≥ 80% de Shamplaí, Nóta 2: ≥ 90% de Shamplaí, Nóta 3: ≥ 95% de Shamplaí, Nóta 4: Le sampláil nuair a léiríonn imscrúduithe, nó nuair atá forais eile ann a chuireann in iúl, go bhfuil cáilíocht an uisce tar éis dul in olcas maidir leis an bparaiméadar seo, Nóta 5: Tá paraiméadair bhreise sonraithe (Amóinia, Nítrigin (Kjeldahal), lotnaidicídí, miotail throma, ciainídí, níotráití agus fosfáití) le go ndéanfaí anailís orthu nuair a mheastar go bhfuil truailliú ann toisc na bparaiméadar seo.

shnámha in uisce na farraige 122 díobh agus is limistéir shnámha fíoruisce 9 gcinn díobh. Déanann an tÚdarás Áitiúil inniúil monatóireacht ar na limistéir shnámha seo chun cáilíocht an uisce snámha a scrúdú, agus déanann siad é seo gach coicís le linn na tséasúir snámha a mhaireann ó 1 Meitheamh go dtí deireadh Lúnasa gach bliain. Tosaíonn an mhonatóireacht dhá sheachtain roimh thús an tséasúir. An t-íoslíon samplaí is gá a ghlacadh le linn an tséasúir ná seacht.

1.1 Measúnú ar Chomhlíonadh

Déanann an GCC measúnú ar chomhlíonadh na Rialachán Náisiúnta bunaithe ar na paraiméadair uile atá de cheangal orthu monatóireacht a dhéanamh orthu faoi na Rialacháin. Cé go bhfuil na critéir shamplála agus anailísithe faoi reachtaíocht an AE an-chosúil leis na critéir faoi na Rialacháin Náisiúnta, tá éagsúlachtaí eatarthu sa chaoi a ndéantar léirléamh ar chomhlíonadh thorthaí na bparaiméadar sin. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh éagsúlacht a bheith ann idir figiúirí comhlíonta le haghaidh na Rialachán Náisiúnta agus le haghaidh Threoir an AE.

1.1.1 Comhlíonadh Náisiúnta

Tá sé mar choinníoll sna Rialacháin Náisiúnta go ndéanfaí anailís ar gach sampla a fhaightear do na 8 bparaiméadar mhicribhitheolaíochta agus fhisiceimieacha seo a leanas:

- Líon iomlán na mbachaillíní drólannacha
- Bachaillíní Drólannacha Faecacha
- Dath
- Olaí Mianracha
- Dromchlaghníomhaithe
- Feanóil
- Trédhearcacht
- Iarmhar tarrach, ábhar ar snámh

I gcásanna ar leith, go háirithe nuair atá cáilíocht an uisce tar éis dul in olcas, caithfear minicíocht na monatóireachta agus raon na n-anailítí a mhéadú. Ar an gcuma chéanna, nuair a fhaightear amach go bhfuil cáilíocht an uisce snámha an-mhaith, go seasta, d'fhéadfaí minicíocht na monatóireachta a laghdú go ceithre huaire le linn an tséasúir snámha.

Chomh maith leis na 8 bparaiméadar, tá paraiméadair bhreise a leagtar amach sna Rialacháin a gcaithfear a shampláil má tá forais ann a thabharfadh le tuiscint go bhfuil cúrsaí tar éis dul in olcas ag an suíomh maidir leis an bparaiméadar nó an tsubstaint sin.

Caithfidh Údaráis Áitiúla tuairisc a thabhairt don GCC maidir leis na torthaí samplála ag deireadh gach séasúir snámha.

1.1.2 Comhlíonadh Threoir an AE

Is iad na paraiméadair chéanna a gcaithfear sampláil agus anailís a dhéanamh orthu faoi Threoir an AE (76/160/EEC) agus faoi na Rialacháin Náisiúnta araon. An difríocht atá idir comhlíonadh na Rialachán Náisiúnta agus comhlíonadh Threoir an AE ná go bhfuil gach paraiméadar san áireamh i gcomhlíonadh na Rialachán Náisiúnta, agus go bhfuil comhlíonadh uisce snámha an AE bunaithe ar fhothacar de na paraiméadair sin.

Seo a leanas na 5 pharaiméadar atá i gceist chun críocha comhlíonta chaighdeáin an AE:

- Líon iomlán na mbachaillíní drólannacha
- Bachaillíní Drólannacha Faecacha
- Olaí Mianracha
- Dromchlaghníomhaithe
- Feanóil

Fágtar na paraiméadair maidir le trédhearcacht agus le dath ar lár chun comhlíonadh a chinneadh.

D'fhéadfadh cúis mhaith a bheith le trédhearcacht agus dath a fhágáil ar lár mar pharaiméadair ag suíomh ina bhfuil uisce na farraige i gceist mar go bhféadfadh an dá pharaiméadar sin dul in olcas toisc farraigí suaite, agus mar sin ní bheadh torthaí dá leithéid sásúil chun cáilíocht an uisce a mheas.

Ní féidir a leithéid chéanna a mhaíomh do shuímh ina bhfuil fíoruisce i gceist mar go bhféadfadh dath agus trédhearcacht a bheith ina dtáscairí do stádas trófach an uisce.

2. LIMISTÉIR SHNÁMHA IN UISCE NA FARRAIGE

Bhí líon na limistéar sainithe snámha in uisce na farraige fós ag 122 sa bhliain 2006.

2 .1 Comhlíonadh na gcaighdeán Náisiúnta

As 122 suíomh, chomhlíon 78% (95 as 122) an caighdeán Náisiúnta sa bhliain 2006.

Theip ar naoi limistéar snámha an caighdeán Náisiúnta a bhaint amach le haghaidh líon na streipteacocas faecach: Seo a leanas na limistéir sin:

- Baile Brigín (BÁC, Fine Gall)
- Loch Sionnaigh (BÁC Fine Gall)
- Mullach Íde (BÁC Fine Gall)
- Port Mearnóg (BÁC Fine Gall)
- An Ros (BÁC Fine Gall)
- Cill Fhionntain (BÁC Fine Gall)
- An Clochán (Contae na Gaillimhe)
- Aird Mhór (Contae Phort Láirge)
- An Trá Mhór (Contae Phort Láirge)



Fíor 2.1: Comhlíonadh na gcaighdeán Náisiúnta le haghaidh Limistéar snámha in uisce na farraige



Fíor 2.2: Comhlíonadh na gcaighdeán Náisiúnta maidir le Streipteacocais Fhaecacha **uisce na farraige**



Fíor 2.3: Comhlíonadh na gcaighdeán Náisiúnta maidir le fisicheimic uisce na farraige

2.2 Comhlíonadh Threoir an AE

2.2.1 Luachanna Éigeantacha

San iomlán, comhlíon 97% de na suímh shainithe (118 as 122) na luachanna éigeantacha a leagadh síos le haghaidh cúig pharaiméadar sa bhliain 2006. Seo méadú beag ar an ráta comhlíonta 96% a bhí ann sa bhliain 2005.

Theip ar cheithre limistéar snámha na luachanna éigeantacha a chomhlíonadh atá sonraithe i dTreoir an AE maidir le hUisce Snámha. Seo a leanas na limistéir sin:

- Baile Brigín (BÁC Fine Gall)
- Mullach Íde (BÁC Fine Gall)
- An Clochán (Contae na Gaillimhe)
- An Dún Mór (Contae Phort Láirge)

Theip ar Bhaile Brigín, ar Mhullach Íde agus ar an gClochán caighdeán éigeantach an AE a bhaint amach le haghaidh líon iomlán na mbachaillíní drólannacha agus líon na mbachaillíní drólannacha faecacha araon agus theip ar An Dún Mór an caighdeán a bhaint amach maidir le bachaillíní drólannacha faecacha.

2.2.2 Treoirluachanna

San iomlán, chomhlíon 91% de na limistéir shainithe shnámha (111 as 122) na treoirluachanna atá sonraithe sa Treoir. Seo laghdú 1% i gcomparáid le 2005.

Tá liosta de limistéir shnámha in uisce na farraige agus limistéir shnámha fíoruisce nár chomhlíon na luachanna éigeantacha nó na treoirluachanna le fáil i dTábla 2.



Fíor 2.4: Comhlíonadh luachanna éigeantacha Threoir an AE i limistéir shnámha in uisce na farraige



Fíor 2.5: Comhlíonadh treoirluachanna Threoir

Tábla 2: Limistéir shnámha in uisce na farraige agus i bhfíoruisce ar theip orthu Treoirluachanna/ Luachanna Éigeantacha Threoir an AE a bhaint amach sa bhliain 2006

Trá	Suíomh	Cineál an Uisce	An paraiméadar nár chomhlíon an luach ábhartha
BAILE BRIGÍN	BÁC Fine Gall	Uisce na Farraige	Líon iomlán na mBachaillíní Drólannacha, Bachaillíní Drólannacha Faecacha
AN CLOCHÁN	Contae na Gaillimhe	Uisce na Farraige	Líon iomlán na mBachaillíní Drólannacha, Bachaillíní Drólannacha Faecacha
AN DÚN MÓR	Contae Phort Láirge	Uisce na Farraige	Bachaillíní Drólannacha Faecacha
MULLACH ÍDE	BÁC Fine Gall	Uisce na Farraige	Líon iomlán na mBachaillíní Drólannacha, Bachaillíní Drólannacha Faecacha
AIRD MHÓR	Contae Phort Láirge	Uisce na Farraige	Bachaillíní Drólannacha Faecacha
BAILE UA AILLE	Contae an Chláir	Fíoruisce	Líon iomlán na mBachaillíní Drólannacha, Bachaillíní Drólannacha Faecacha
TRÁ CHNOCÁN DOIRINNE	Cathair Bhaile Átha Cliath	Uisce na Farraige	Bachaillíní Drólannacha Faecacha
CAOLDRA	Contae Liatroma	Fíoruisce	Líon iomlán na mBachaillíní Drólannacha
LOCH SIONNAIGH	BÁC Fine Gall	Uisce na Farraige	Bachaillíní Drólannacha Faecacha
TRÁ CHILL FHIONNTAIN	BÁC Fine Gall	Uisce na Farraige	Líon iomlán na mBachaillíní Drólannacha, Bachaillíní Drólannacha Faecacha
NA FORBACHA	Contae na Gaillimhe	Uisce na Farraige	Bachaillíní Drólannacha Faecacha
AN SPIDÉAL	Contae na Gaillimhe	Uisce na Farraige	Líon iomlán na mBachaillíní Drólannacha, Bachaillíní Drólannacha Faecacha
INIS EASCARCH ABHANN	Contae Shligigh	Uisce na Farraige	Líon iomlán na mBachaillíní Drólannacha

limistéir shnámha ar theip orthu Luachanna Éigeantacha an AE agus Treoirluachanna an AE a bhaint amach

limistéir shnámha ar theip orthu Treoirluachanna an AE a bhaint amach

3. LIMISTÉIR SHNÁMHA FÍORUISCE

Bhí an líon limistéar snámha sainithe intíre fós ag naoi sa bhliain 2006.

3.1 Comhlíonadh na gcaighdeán Náisiúnta

Sa bhliain 2006, chomhlíon 67% (6 as 9) de na suímh fíoruisce na teorainnluachanna atá sonraithe sna Rialacháin Náisiúnta. Seo a leanas na limistéir shnámha nár chomhlíon na luachanna sin:

- Loch Bhaile Locha Riach (Contae na Gaillimhe)
- Port Omna (Contae na Gaillimhe)
- Caoldra (Contae Liatroma)

Theip ar loch Bhaile Locha Riach le haghaidh ocsaigin tuaslagtha agus theip ar Phort Omna le haghaidh trédhearcachta. Theip ar Chaoldra maidir le dhá pharaiméadar – iomlán na mbachaillíní drólannacha agus trédhearcacht. Tá trédhearcacht níos ábhartha do shuímh shnámha intíre mar gur féidir leis a chur in iúl cé chomh truaillithe is atá an t-uisce sin.

3.2 Comhlíonadh Threoir an AE maidir le hUisce Snámha

Le linn shéasúr snámha 2006 chomhlíon gach ceann de na 9 suíomh fíoruisce teorainneacha éigeantacha an AE atá sonraithe do na cúig pharaiméadar:

- líon iomlán na mbachaillíní drólannacha;
- bachaillíní drólannacha faecacha;
- dromchlaghníomhaithe;
- olaí mianracha; agus
- feanóil.

San iomlán, chomhlíon 78% de na limistéir shnámha fíoruisce (7 as 9) na treoirluachanna atá sonraithe sa Treoir. Theip ar an dá shuíomh chéanna – an dá shuíomh seo a leanas – sa bhliain 2005 chomh maith:

- Baile ua Aille (Contae an Chláir)
- Caoldra (Contae Liatroma)

Theip ar an dá shuíomh treoirchaighdeán an AE a chomhlíonadh le haghaidh líon iomlán na mbachaillíní drólannacha, agus theip ar Bhaile ua Aille an caighdeán a chomhlíonadh le haghaidh bachaillíní faecacha.



Fíor 3.1: Comhlíonadh na gcaighdeán Náisiúnta i limistéir shnámha fíoruisce



Fíor 3.2: Comhlíonadh Luachanna Éigeantacha an AE i limistéir shnámha fíoruisce



Fíor 3.3: Comhlíonadh Threoirluachanna Threoir an AE i limistéir shnámha fíoruisce

4. PLÉ

4.1 Cáilíocht an Uisce Snámha 2006

Tríd is tríd, chomhlíon 97% suíomh (127 as 131 suíomh) na caighdeáin éigeantacha íosta atá sonraithe i dTreoir an AE maidir le hUisce Snámha, agus chomhlíon 90% de na limistéir shnámha (118 as 131 suíomh) treoirluachanna an AE, atá níos doichte. Is é atá sna treoirluachanna ná cuspóirí cáilíochta ar chóir do gach suíomh snámha iarracht iad a bhaint amach. I gcomparáid le 2005, tháinig méadú 1% ar an líon suíomh a chomhlíon luachanna éigeantacha an AE. Tháinig laghdú 1% ar chomhlíonadh na dtreoirluachanna.

Chomhlíon 77% (101 as 131 suíomh) de na limistéir shnámha na caighdeáin Náisiúnta. Seo laghdú 5% ar cháilíocht i gcomparáid le 2005.

Tá achoimre ar thorthaí do shéasúir shnámha 2005 agus 2006 i dTábla 3 thíos.

4.1.1 Athrú ar Stádas

Tháinig athrú ar stádas 12 shuíomh snámha maidir le caighdeáin an AE idir 2005 agus 2006, mar atá sonraithe i dTábla 4 thíos.

Tháinig feabhas ar cháilíocht an uisce ag 7 suíomh. As an méid sin d'éirigh le 4 shuíomh comhlíonadh a bhaint amach, suímh nach raibh ag comhlíonadh na gcaighdeán roimhe sin (Trá Mhuirfean, Trá Chill Fionntain, Na Forbacha agus Aird Mhór) agus d'éirigh leis na trí shuíomh eile, a raibh comhlíonadh éigeantach bainte amach acu cheana féin (Trá Dhumhach Thrá, Loch Sionnaigh agus Port Mearnóg) treoirluachanna a bhaint amach – catagóir atá níos doichte.

Tháinig laghdú ar chomhlíonadh na gcúig shuíomh eile – trí cinn de na suímh sin ag cailliúint stádas an chomhlíonta i gcás chaighdeáin an AE (Baile Brigín, Mullach Íde agus An Dún Mór) agus dhá shuíomh, a mbíodh stádas comhlíonta i gcás threoirluachanna an AE acu ag titim go stádas an chomhlíonta éigeantaigh (Cnocán Doirinne and Inis Eascrach Abhann).

Tábla 3: Stádas Comhlíonta an AE maidir le hUisce Snámha le haghaidh 2005 agus 2006

	Uisce na Farraige		Fíoruisce		Iomlán	
	2005	2006	2005	2006	2005	2006
Líon na bpointí samplála	122	122	9	9	131	131
Líon na bpointí a chomhlíon luachanna éigeantacha an AE	117	118	9	9	126	127
Céatadán a chomhlíon luachanna éigeantacha an AE	**96%**	**97%**	**100%**	**100%**	**96%**	**97%**
Líon na bpointí a chomhlíon treoirluachanna an AE	112	111	7	7	119	118
Céatadán a chomhlíon treoirluachanna an AE	**92%**	**91%**	**78%**	**78%**	**91%**	**90%**
Líon na bpointí a chomhlíon treoirluachanna Náisiúnta values	100	95	7	6	107	101
Céatadán a chomhlíon treoirluachanna Náisiúnta	**82%**	**78%**	**78%**	**67%**	**82%**	**77%**

4.1.2 Teipeanna Seasta

Leagann anailís a rinneadh ar na torthaí do gach limistéar snámha thar an tréimhse 2002-2006 na limistéir snámha seo a leanas amach mar na cinn is measa ó thaobh géilliúntas foriomlán leis na caighdeáin uisce snámha:

- Baile Átha Cliath, Fine Gall Baile Brigín
- Baile Átha Cliath, Fine Gall Cill Fhionntain, Trá Burrow
- CC na Gaillimhe An Clochán
- CC Phort Láirge Aird Mhór
- CC na Gaillimhe An Spidéal, An Phríomh Thrá

Éilíonn na Rialacháin um Cháilíocht Uiscí Snámha 1992 sa chás nach gcomhlíonann uiscí ag limistéar snámha na caighdeáin go dtabharfaidh an t-údarás *"fógra poiblí á thabhairt sin le fios de réir mar a bhreithníonn sé cuí "agus "glacfaidh sé na bearta riachtanacha lena chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin..."*.

De bhrí gurb é aidhm na Rialachán um Uiscí Snámha cosaint a thabhairt do shláinte an duine, ba chóir d'údaráis áitiúla a chinntiú sa chás go dteipeann ar shampla uisce snámha na caighdeáin uisce snámha éigeantacha a chomhlíonadh go gcuirtear an pobal ar an eolas faoi sin trí fhógraí eolais a chrochadh ag an limistéar snámha. Ba chóir go mbeadh fógraí den sórt sin feiceálach agus go dtabharfaidís rabhadh don phobal faoi na rioscaí atá ann dá sláinte a dhul ag snámh sna huiscí sin. Is féidir daoine a chur ar an airdeall freisin ar an raidió áitiúil agus ar láithreán gréasáin na n-údarás áitiúla áit a meastar sin oiriúnach.

Tábla 4: Limistéir Shnámha ar tháinig athrú ar a Stádas maidir le caighdeáin an AE idir 2005 agus 2006

Údarás Áitiúil	Limistéar an Uisce Snámha	Stádas 2005	Stádas 2006	Treocht
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Trá Mhuirfean	N.C	C.T.	↑
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Trá Mhuirfean	G.C	C.L.É	↓
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Trá Chnocán Doirinne	M.C	C.T	↑
Comhairle Contae Fhine Gall	Baile Brigín	M.C	N.C.	↓
Comhairle Contae Fhine Gall	Mullach Íde	G.C	N.C	↓
Comhairle Contae Fhine Gall	Port Mearnóg	M.C	C.T.	↑
Comhairle Contae Fhine Gall	Trá Chill Fhionntain	N.C	C.L.É	↑
Comhairle Contae na Gaillimhe	Na Forbacha	N.C	C.L.É	↑
Comhairle Contae Shligigh	Inis Eascrach Abhann	G.C	C.L.É	↓
Comhairle Contae Phort Láirge	Aird Mhór	N.C	C.L.É	↑
Comhaile Contae Phort Láirge	An Dún Mór, An Phríomhthrá	G.C	N.C	↓

C.T. Comhlíonadh Treoirluachanna (tugann sé le fios go bhfuil cáilíocht an uisce go maith)
CLE. Comhlíonadh Luachanna Éigeantacha (tugann sé le fios go bhfuil cáilíocht an uisce inghlactha)
N.C. Neamhchomhlíonadh (tugann sé seo le fios nach bhfuil cáilíocht an uisce sásúil - ní chomhlíonann sé ceachtar de luachanna an AE - luachanna éigeantacha ná treoirluachanna)

Tábla 5: Fógraí Alt 63 Eisithe toisc nár comhlíonadh Caighdeán Éigeantach an AE le haghaidh 2005

Údarás Áitiúil atá freagrach as	Limistéar Snámha	Cúis leis an bhFógra Reachtúil	Gníomh a chuir an tÚdarás Áitiúil i gcrích/ar ghá don Údarás Áitiúil dul ina bhun
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Trá Mhuirfean	Theip air Caighdeán Éigeantach an AE a chomhlíonadh le haghaidh líon iomlán na mbachaillíní drólannacha agus do bhachaillíní drólannacha faecacha	Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ag imscrúdú nasctheip agus forsceitheadh uiscí stoirme i ngach ceann dá limistéir feidhme.
Comhairle Contae Fhine Gall	Trá Chill Fhionntain	Theip air Caighdeán Éigeantach an AE le haghaidh bachaillíní drólannacha faecacha agus dromhchlaghníomhaithe a chomhlíonadh.	Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Fhine Gall uasghrádú a dhéanamh ar Stáisiún Pumpála Dhroichead Mayne – cuid den uasghrádú sin ná diúscairt séarachais amach ó Cheann Bhinn Éadair a nascadh leis an Rinn faoi 2007 mar chuid de Thionscadal Bhá Átha Cliath.
Comhairle Contae na Gaillimhe	Trá an Chlocháin	Theip air Caighdeán Éigeantach an AE le haghaidh bachaillíní drólannacha faecacha a chomhlíonadh.	D'eisigh an GCC Treoir chuig Comhairle Contae na Gaillimhe faoi Alt 63(6) d'Achtanna GCC ag cur de cheangal ar an gComhairle gníomhartha áirithe a chur i gcrích. Tá sé beartaithe saoráid nua a thógáil go déanach sa bhliain 2007.
	Na Forbacha	Theip air Caighdeán Éigeantach an AE le haghaidh bachaillíní drólannacha faecacha a chomhlíonadh.	Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae na Gaillimhe scrúdú a dhéanamh ar chórais chóireála aontí agus ar cheadúnais le haghaidh eisilte mar fhoinsí a bhféadfadh éilliú teacht uathu.
Comhairle Contae Phort Láirge	Trá na hAirde Móire	Theip air Caighdeán Éigeantach an AE le haghaidh bachaillíní drólannacha faecacha a chomhlíonadh.	Mhol an GCC do Chomhairle Contae Phort Láirge gur chóir di gníomhartha ar leith a chur i gcrích tar éis iniúchadh a dhéanamh ar shuíomh i Meán Fómhair 2006. Tá saoráid chóireála nua san áireamh sa chlár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce d'Aird Mhór, mar chuid den scéim séarachais do bhailte agus do shráidbhailte grúpáilte.

4.2 Gníomhartha Forfheidhmiúcháin

Is é an Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil (OFC) laistigh den GCC atá freagrach as ceadúnais GCC a eisiúint le haghaidh gníomhaíochtaí dramhaíola, tionsclaíochta agus ceadúnais eile. Chomh maith leis sin, tá ról maoirseachta aici maidir leis na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag Údaráis Áitiúla chun an comhshaol a chaomhnú. I measc na ngníomhaíochtaí sin tá comhairle agus treoir a sholáthar, trí iniúchadh a dhéanamh ar fheidhmíocht, agus nuair is gá, Treoracha atá ina gceangal de réir dlí, a eisiúint.

Foilsíodh *2005 Quality of Bathing Water Report,* anuraidh, agus ag eascairt as sin d'eisigh OFC fógraí reachtúla faoi Alt 63 d'Achtanna GCC 1992 agus 2003 chuig ceithre Údarás Áitiúla (Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae na Gaillimhe agus Comhairle Contae Phort Láirge) le haghaidh suíomh snámha nuair a ceapadh gurb foinsí bardasacha ba chúis leis an meath a tháinig ar cháilíocht an uisce.

Tá achoimre i dTábla 5 ar na fógraí reachtúla a eisíodh chuig ceithre Údarás Áitiúla le haghaidh uiscí snámha nár chomhlíon caighdeán éigeantach an AE sa bhliain 2005.

Tá gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin cosúla ar bun ag an OFC ag ceithre shuíomh ar theip orthu caighdeán éigeantach an AE a chomhlíonadh le linn shéasúr snámha 2006.

4.3 Líon na Limistéar Sainithe Snámha

Tá 131 suíomh sainithe snámha ann in Éirinn. Mar thoradh air sin, tá Éire leathshlí suas ar an tábla do rangú Eorpach in aghaidh an duine den daonra. Níor mhéadaigh an

líon a sainíodh ó na 1990í déanacha. Sa mhéid go bhfuil méadú tagtha ar an mbéim ar ghníomhaíochtaí fóillíochta uis-cebhunaithe, is gá líon na suíomh sainithe snámha a mhéadú ionas go mbeidh dóthain cosanta ann dóibh siúd a úsáideann na suímh.

Tugtar aitheantas, i bhFrámaíocht Straité-iseach na Gníomhaireachta "2020 Vision" don tábhacht a bhaineann leis an gceist seo agus moladh go méadófaí an líon suíomh sainithe snámha go 160.

4.4 Treoir Nua a bhaineann le cáilíocht an uisce snámha

Sna 1970í, leagadh béim ar an tábhacht a bhain le cosaint a bheith ann dóibh siúd a bhíonn ag snámh agus don chomhshaol araon. Mar thoradh air seo, glacadh leis an treoir *Bathing Water Directive (76/160/EEC),* a bhí ar cheann de na chéad phíosaí reachtaíochta Eorpacha a bhain leis an gcomhshaol.

Ó na 1970í luatha i leith tá dul chun cinn suntasach déanta ó thaobh bainistíocht theicniúil is chomhshaoil araon ar cháilíocht uisce. Dá bharr seo, mhol an Coimisiún Eorpach sa bhliain 2002 go mbeadh Treoir nua ann maidir le cáilíocht an uisce snámha. Na haidhmeanna a bhí leis an moladh ná: na caighdeáin sláinte a dhéanamh níos doichte ach níos simplí d'uiscí snámha, feabhas a chur ar bhainistíocht na suíomh snámha, eolas a sholáthar don phobal, agus cuíchóiriú a dhéanamh ar chláir mho-natóireachta a bhaineann le cáilíocht an uisce.

Glacadh leis an Treoir nua maidir le hUisce Snámha (2006/7/EC) i mí Feabhra 2006, agus tá go dtí Márta 2008 ag Ballstáit forálacha na treorach a chomhlíonadh. An cuspóir atá ag an Treoir leasaithe, tríd is tríd, ná sláinte an phobail a chosaint agus iad ag snámh. Chomh maith leis sin, cuire-ann sé an deis ar fáil feabhas a chur ar chleachtais bhainistíochta ag suímh shnámha agus caighdeánú a dhéanamh ar an eolas a chuirtear ar fáil do dhaoine a théann ag snámh, fud fad na hEorpa.

Maidir le monatóireacht, laghdaíonn an Treoir nua an líon paraiméadar ar ghá iad a mheas, ó naoi déag go dhá tháscaire mhicribhitheo-laíochta a bhaineann le héilliú faecach, E. Coli agus Eintreachocais Stéigeacha. Is léiriú an laghdú seo gurb é ábhar faecach an t-ábhar is baolaí dóibh siúd a bhíonn ag snámh. Chomh maith leis sin, leagann sé síos caigh-deáin éagsúla le haghaidh suíomh snámha intíre agus suíomh ar an gcósta.

Cuireann an Treoir nua córas rangúcháin ar fáil le haghaidh cháilíocht an uisce snámha. Seo a leanas an rangú a dhéantar ar shuímh shnámha – go holc, dóthanach, go maith, nó ar fheabhas. Ina theannta sin, déanfar an rangú ag gach suíomh a chinneadh ar bhonn trí nó ceithre cinn de shonraí monatóireachta in ionad toradh bliana amháin, mar atá ina úsáid faoi láthair. Mar seo, ní rachaidh dro-chaimsir ná tarluithe aon uaire i gcion chomh mór ar an rangú.

Mar cheann de na ceanglais faoin Treoir nua ní mór uiscí snámha a shainiú uair sa bhliain. Déanfar é seo don chéad uair ag tús shéasúr snámha 2008.

Ní mór pleananna bainistíochta le haghaidh gach suímh a cheapadh chun an baol a íoslaghdú a bheadh ann dóibh siúd a théann ag snámh sna limistéir sin, agus an baol seo a mheas bunaithe ar mheasúnú a dhéanamh ar na foinsí is mó a dhéanfadh truailliú ar an suíomh sin.

Chomh maith leis sin, tá sé mar aidhm ag an Treoir nua, ní hé amháin an méid eolais atá ar fáil don phobal a mhéadú, ach an t-eolas sin a scaipeadh go gníomhach agus go pras tríd na meáin chuí, an t-idirlíon san áireamh. Déantar iarracht a chur ina luí ar Údaráis an t-eolas sin a aistriú chuig teangacha éagsúla.

Aguisín 1: Léarscáil de Cháilíocht an Uisce Snámha in Éirinn, 2006



Aguisín 2: Rátaí Comhlíonta Luachanna an AE le haghaidh Limistéar Snámha (1995-2006)

Éire	Iomlán	C(LÉ) %	C(T) %
Uisce na Farraige			
1995	108	98.1	87.9
1996	115	95.6	89.5
1997	115	96.5	83.5
1998	121	98.4	80.2
1999	121	98.3	89.3
2000	121	98.3	91.7
2001	122	97.5	87.7
2002	122	97.5	83.6
2003	122	96.7	83.6
2004	122	97.5	87.7
2005	122	95.9	91.8
2006	122	96.7	90.9
Fíoruisce			
1995	9	100.0	88.9
1996	9	100.0	88.9
1997	9	100.0	88.9
1998	9	100.0	88.9
1999	9	100.0	88.9
2000	9	100.0	88.9
2001	9	100.0	100.0
2002	9	100.0	100.0
2003	9	100.0	100.0
2004	9	100.0	88.9
2005	9	100.0	77.7
2006	9	100.0	77.7

C(LÉ) Comhlíonadh Luachanna Éigeantacha C(T) Comhlíonadh Treoirluachanna

Aguisín 3: Róil agus Freagrachtaí

Tá róil sonraithe ag na hÚdaráis Áitiúla, ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le riaradh a dhéanamh ar reachtaíocht a bhaineann le cáilíocht an uisce snámha.

Údaráis Áitiúla

Sampláil agus imscrúduithe

Tá sé de cheangal ar Údaráis Áitiúla sampláil a dhéanamh (nó socrú le go ndéanfaí sampláil) ar uiscí i limistéir shnámha a bhfuil siad freagrach astu. Caithfear na samplaí a thógáil ag áiteanna sonraithe, chomh minic agus atá de cheangal orthu, agus caithfear anailís a dhéanamh orthu ag baint úsáide as modheolaíochtaí sonraithe a mhéid is indéanta. Chomh maith leis sin, tá freagracht ar Údaráis Áitiúla as imscrúduithe a dhéanamh go tréimhsiúil ar choinníollacha a rachadh i gcion ar cháilíocht an uisce snámha ionas gur féidir toirt, cineál agus éifeacht na n-ábhar a eisiltear a thomhas – ábhair a thruailleodh limistéir shnámha.

Nuair nach gcomhlíonann uiscí snámha caighdeáin sonraithe, tá sé de cheangal ar Údaráis Áitiúla fógra a thabhairt don phobal ina leith seo agus glacadh mar chúram air féin na bearta riachtanacha a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh na gcaighdeán sin a chinntiú. Ní cóir a chur san áireamh, ámh, má imíonn na torthaí maidir le cáilíocht an uisce snámha ón ngnáthluach toisc tuilte, tubaistí nádúrtha eile, nó drochaimsir as an ngnách, nuair atáthar ag cinneadh chomhlíonadh na gcaighdeán.

Rochtain ar eolas

Caithfidh gach Údarás Áitiúil a bhíonn i mbun sampláil a dhéanamh ar uisce ag limistéir shainithe shnámha, clár a chur ar bun agus a choinneáil de na torthaí samplála, agus ba chóir an clár seo a chur ar fáil le go bhféadfadh aon duine iniúchadh a dhéanamh air le linn uaireanta oifige.

Le linn an tséasúir snámha, ba chóir torthaí na samplála a chur ar taispeáint ag an limistéar snámha nó in aice leis, nó a mhalairt de shocrú a dhéanamh chun na torthaí a chur ar fáil don phobal ag an suíomh lena mbaineann. Ba chóir na torthaí atá ar taispeáint a leasú chun dáta go rialta, ar a laghad gach ceithre seachtaine agus ba chóir suíomh na bpointí samplála a léiriú ar léarscáil ag an limistéar snámha nó in aice leis.

Tuairisciú ar Thorthaí

Tá sé de cheangal ar Údaráis Áitiúla torthaí monatóireachta agus tuarascálacha a sheoladh ar aghaidh chuig an GCC ag deireadh an tséasúir snámha. Cuireadh ar bun córas tuairiscithe nua atá gréasánbunaithe sa bhliain 2003 chun cuidiú le cuíchóiriú an chórais tuairiscithe sin.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

An ról atá ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná torthaí maidir le cáilíocht an uisce a bhailiú ó gach údarás áitiúil atá rannpháirteach agus tuarascáil náisiúnta a thiomsú, a seoltar chuig an gCoimisiún Eorpach. Tá torthaí ó 2006, a seoladh chuig an gCoimisiún Eorpach, san áireamh sa tuarascáil seo, lena n-áirítear ábhar mínitheach breise don ghnáthléitheoir.

Déantar an forbhreathnú náisiúnta, maille le tuarascálacha cosúla ó bhallstáit eile, a thabhairt le chéile in aon cháipéis amháin don Eoraip ar fad, agus foilsíonn an Coimisiún an tuarascáil sin uair sa bhliain.

Tugadh ról sa bhreis don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil sa bhliain 2001 - is é sin údarú a dhéanamh ar imeacht ó chaighdeáin cháilíochta an uisce snámha ar choinníollacha áirithe. Roimh 2001, ba í an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a bhí freagrach as sin.

Is féidir imeacht ó na caighdeáin sin a cheadú ar an gcoinníoll nach mbeadh baol ann do shláinte an phobail dá bharr. D'fhéadfadh an ceadú seo ar imeacht ó na caighdeáin a bheith faoi réir coinníollacha a shonraíonn an GCC agus d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir tréimhse ama sainithe.

Ina theannta sin, tá ról ag an Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil laistigh den GCC monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí caomhnaithe comhshaoil na nÚdarás Áitiúil. Maidir leis seo, féadfaidh an OFC, mar chuid dá gníomhaíochtaí forfheidhmithe, fógraí a eisiúint faoi Alt 63 de na hAchtanna GCC 1992 agus 2003 le haghaidh suíomh snámha nach gcomhlíonann na caighdeáin sonraithe.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Áirítear i ról na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Rialacháin Náisiúnta a ullmhú agus iad a leasú chun dáta de réir mar is gá.

Tránna Brait Ghorm

Is é atá i Scéim an Bhrait Ghorm ná scéim dheonach a ndéanann An Taisce riaradh uirthi agus a ndéanann an *Foundation for Environmental Education* (FEE) riaradh uirthi ag leibhéal idirnáisiúnta. Chun brat gorm a fháil, ní mór do shuíomh snámha, ní hé amháin cáilíocht ard uisce a chothú ag an suíomh, ach cuspóirí sonraithe a chomhlíonadh chomh maith maidir le soláthar seirbhísí agus saoráidí sábháilteachta, bainistíocht comhshaoil a dhéanamh ar an trá agus oideachas comhshaoil a sholáthar. Chomhoibrigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil leis An Taisce chun a chinntiú go raibh na torthaí a bhain le cáilíocht an uisce snámha a bhí ag an dá eagraíocht le haghaidh shéasúr snámha 2006 inchomparáide. Tá an anailís ar uisce snámha faoin Treoir scartha amach ón anailís faoi Scéim an Bhrait Ghorm, cé go gcomhlánaíonn siad a chéile.

Aguisín 4: Stádas Comhlíonta na limistéar sainithe snámha in Éirinn sa bhliain 2006

An tÚdarás Áitiúil atá freagrach as	*Limistéar Snámha*	*Ag Comhlíonadh:* Threoir Éigeantach an AE		NLV
Comhairle Contae an Chláir	Loch Bhaile ua Aille, Inis	√	x	√
	Ballycuggeran	√	√	√
	Ceathrú an Easpaigh	√	√	√
	Caladh an Cheapaigh, Cill Rois	√	√	√
	Fán Óir	√	√	√
	Cill Chaoi	√	√	√
	An Leacht	√	√	√
	Baile Uí Bheoláin, Loch Dearg	√	√	√
	Rinn na Spáinneach	√	√	√
	An Trá Bhán, Dún Beag	√	√	√
	An Trá Bhán, Sráid na Cathrach	√	√	√
Comhairle Contae Chorcaí	Bá na hEornan	√	√	√
	Caisleán Uí Cuain, Eochaill	√	√	√
	Cúl Méine	√	√	√
	Baile Mantáin	√	√	√
	Baile Ghearóid	√	√	√
	Garraí Lúcáis, An Trá Bhán	√	√	√
	Garraí Bhó	√	√	√
	Inse Duine	√	√	√
	Abhainn na hInse	√	√	√
	Redbarn	√	√	√
	Tráig na Móna	√	√	√
	Warren	√	√	√
	Eochaill, Priomhthrá	√	√	√

An tÚdarás Áitiúil atá freagrach as	*Limistéar Snámha*	*Ag Comhlíonadh:* **Threoir Éigeantach an AE NLV**		
Comhairle Contae Dhún na nGall	Ballyhernan, Fánaid	√	√	√
	Bun Dobhráin	√	√	√
	Carraig Finn	√	√	√
	Cúil Dabhcha	√	√	√
	Na Dúnaibh	√	√	√
	Droim na Tine	√	√	√
	Fionn Trá	√	√	√
	Killahoey	√	√	√
	Lady's Bay, Bun Cranncha	√	√	√
	Lios Fannon	√	√	√
	Cnoc an Mharmair	√	√	√
	Muir Mhaigh	√	√	√
	Nairn, Port Nua	√	√	√
	Port Artúir, Doirí Beaga	√	√	√
	Port na Blagh	√	√	√
	Port an tSalainn	√	√	√
	Ráth an Mhuilinn	√	√	√
	Ross Neamhlach	√	√	√
	An tSrúibh	√	√	√
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	Trá Chnocán Doirinne	√	x	x
	Trá Mhuirfean	√	√	√
	Trá Dhumhach Trá	√	√	√
Comhairle Contae Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin	Cill Iníon Léinín	√	√	√
	Rinn na Mara	√	√	√

An tÚdarás Áitiúil atá freagrach as	*Limistéar Snámha*	*Ag Comhlíonadh:* **Threoir Éigeantach an AE NLV**		
Comhairle Contae Fhine Gall	Baile Brigín	x	x	x
	Domhnach Bat	√	√	x
	Loch Sionnaigh	√	x	x
	Mullach Íde	x	x	x
	Port Mearnóg	√	√	x
	Port Reachrainn	√	√	x
	An Ros, An Trá Theas	√	√	x
	Na Sceirí	√	√	x
	Trá Chill Fionntain	√	x	x
Comhairle Contae na Gaillimhe	An Cnoc, Indreabhán	√	√	x
	Áit Snámha ar Loch Bhaile Locha Riach	√	√	x
	Áit Snámha i bPort Omna	√	√	x
	Trá ag Piara an Spidéil	√	√	x
	Cill Muirbhthe, Inis Mór	√	√	√
	An Clochán	x	x	x
	Gortín, Cloch Na Rón	√	√	√
	Na Forbacha	√	x	x
	An Spidéal, An Phríomhthrá	√	x	x
	Trá An Doilín, Ceathrú Rua	√	√	√
	Trá Chaladh Bhfuinnse	√	√	x
	Trá Uacht., Cinn Mhara	√	√	√
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	Bóthar na Trá	√	√	x
	An Trá Gheal	√	√	x

An tÚdarás Áitiúil atá freagrach as	*Limistéar Snámha*	*Ag Comhlíonadh:* **Threoir Éigeantach an AE NLV**		
Comhairle Contae Chiarraí	Baile an Sceilg	√	√	√
	Baile an Bhuinneánaigh Thuaidh	√	√	√
	Baile an Bhuinneánaigh Theas	√	√	√
	Baile Uí Thaidhg	√	√	√
	Trá Bhanna	√	√	√
	Caisleán Ghriaire	√	√	√
	Doire Fhionain	√	√	√
	An Fhianait	√	√	√
	Inse	√	√	√
	An Eithne, An Coireán	√	√	√
	Na Cealla	√	√	√
	Machaire Beag, Caisleán Ghriaire	√	√	√
	Ros Beithe, An Trá Bhán	√	√	√
	Ceann Trá	√	√	√
	An Trá Bhán, Cathair Saidhbhín	√	√	√
Comhairle Contae Liatroma	Caoldra, An Chluain	√	x	x
Comhairle Contae Lú	Ceann Chlochair	√	√	√
	Port, Lurgan Buí	√	√	√
	Rinn na Mara	√	√	√
	Cnoc Shelling / Baile an Teampaill	√	√	√

An tÚdarás Áitiúil atá freagrach as	*Limistéar Snámha*	*Ag Comhlíonadh:* **Threoir Éigeantach an AE NLV**		
Comhairle Co. Mhaigh Eo	Beirtrí	√	√	x
	Ceathrú Mór	√	√	√
	Dumha Goirt	√	√	√
	Dumha Éige, Acaill	√	√	√
	Cuan Eillí, Béal an Mhuirthead	√	√	√
	An Trá Órga, Acaill	√	√	x
	An Caol, Acaill	√	√	√
	Cuan na Cuime, Acaill	√	√	√
	Cill Ala, Ross Strand	√	√	√
	Cluain Cearbán	√	√	√
	Cluain Cearbán, An Trá Gheal	√	√	√
	Mullach Ruadh, Béal an Mhuirthead	√	√	√
	Mullach na Reidh	√	√	x
	Rinn Rua, Ceathrú Thaidhg	√	√	√
	An Cuan , Cliara	√	√	√
Comhairle Contae na Mí	An Inse/Baile an Bhiataigh	√	√	√
Comhairle Contae Shligigh	Inis Eascrach Abhann	√	x	x
	An Mullach Mór	√	√	x
	An Ros	√	√	√
Comhairle Contae Phort Láirge	Ard Mór	√	x	x
	Bun Machan	√	√	√
	Cluain Fhia, Thoir	√	√	√
	An Dún Mór, Trá na gComhair-leoirí	√	√	√
	An Dún Mór, An Phríomhthrá	x	x	x
	An Trá Mhór, An Príomhthrá	√	√	x
Comhairle Contae na hIarmhí	Lilliput, Loch Ainninn	√	√	√
	Port na Seangán, Loch Uail	√	√	√
	The Cut, Lough Léinn	√	√	√

An tÚdarás Áitiúil atá freagrach as	*Limistéar Snámha*	*Ag Comhlíonadh:* **Threoir Éigeantach an AE NLV**		
Comhairle Contae Loch Garman	Baile Monaigh	√	√	√
	Baile na Cúirte, An Trá Thuaidh	√	√	√
	Currach Cló	√	√	√
	Dún Canann	√	√	√
	Caisleán Mhuiris	√	√	√
	Trá Ros Láir	√	√	√
Comhairle Contae Chill Mhantáin	Trá Bhrí Chualainn	√	√	x
	Cuan an Bhriotáis Thuaidh	√	√	√
	Cuan an Bhriotáis Theas	√	√	√
	Trá Clogga	√	√	√
	Na Clocha Liatha	√	√	√
	An Trá Gheal	√	√	√

FOIRM AISEOLAIS ÓN ÚSÁIDEOIR

Ba chóir an t-aiseolas a sheoladh chuig: An Oifig um Measúnú Comhshaoil, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, PO Box 3000, Eastáit Chaisleán Bhaile Eoin, Contae Loch Garman.

Teideal na Cáipéise: **Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn (2006)**

ÁBHAR:

STÍL:

EOLAS:

MOLTAÍ D'EAGRÁIN AMACH ANSEO:

AINM: _____

SEOLADH: _____

_____

_____

DÁTA: _____

EAGRAÍOCHT: _____

FÓN: _____

FACS: _____

R-PHOST: _____